*Uimhir* 4 *de* 2002

# An tAcht Toghcháin (Leasú), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 4 *de* 2002

# AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2002

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.
2. Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.
3. Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995.
4. Leasú ar an Acht Toghcháin, 1997.
5. Leasú ar an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999.
6. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

## Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht Toghcháin, 1992 | 1992, Uimh. 23 |
| An tAcht Toghcháin, 1997 | 1997, Uimh. 25 |
| An tAcht Toghcháin (Leasú), 2001 | 2001, Uimh. 38 |
| Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2001 | |
| An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 | 1997, Uimh. 2 |
| Na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2001 | |
| Na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2001 | |
| An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 | 1999, Uimh. 7 |

*Uimhir* 4 *de* 2002

---

**AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2002**

[*An tiontú oifigiúil*]

---

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA TOGHCHÁIN, 1992 GO 2001, NA nACHTANNA UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA hEORPA, 1992 GO 2001, NA RIALACHÁN UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA, 1995, AN ACHTA UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (SÍNTIÚIS AGUS CAITEACHAS A NOCHTADH), 1999, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [25 *Márta* 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar an Acht Toghcháin, 1992.

**1.—**Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1992—

(*a*) in alt 15(2), trí "maidir leis an nós imeachta chun iarratais a dhéanamh faoi fho-alt (1) agus" a chur isteach i ndiaidh "Dara Sceideal",

(*b*) in alt 44, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) na hoifigí údaráis áitiúil ina bhféadfaidh daoine atá cláraithe mar thoghthóirí Dála sa toghlach aontú le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear in alt 46(4A);",

(*c*) in alt 46(2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*a*):

"(*aa*) nóta i dtaobh na nithe seo a leanas—

(i) na mionsonraí a bheidh le taifeadadh ar pháipéar ainmniúcháin iarrthóra dá dtagraítear i bhfo-alt (4A) ag duine a bheidh ag aontú de réir an ailt seo le hainmniú an iarrthóra sin, agus

(ii) an fhoirm aitheantais a bheidh le tabhairt ar aird ag an aontaitheoir;",

(*d*) in alt 46, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

"(4A) I gcás iarrthóra nach bhfuil a iarrthóireacht fíordheimhnithe le deimhniú cleamhnachta polaitíochta faoi

fho-alt (4), beidh aontaithe ag 30 duine (gan an t-iarrthóir ná aon mholtóir a áireamh) atá cláraithe mar thoghthóirí Dála sa toghlach le hainmniú an iarrthóra sula seachadfar a pháipéar ainmniúcháin ar an gceann comhairimh de réir alt 50.

(4B) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis na haontuithe a cheanglaítear le fo-alt (4A) a dhéanamh le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear san fho-alt sin:

(*a*) comhlánóidh an t-iarrthóir nó moltóir an iarrthóra, más ann, cuid de pháipéar ainmniúcháin mar a threorófar ar an bpáipéar sin agus taiscfidh sé an páipéar sna hoifigí údaráis áitiúil forordaithe don toghlach;

(*b*) uimhreoidh an t-údarás áitiúil aon pháipéir ainmniúcháin a thaiscfear faoi mhír (*a*) san ord ina dtaiscfear iad;

(*c*) i gcás go dtaiscfear níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin don iarrthóir céanna leis an údarás áitiúil, measfar gurb é an chéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin an páipéar ainmniúcháin don iarrthóir sin don toghchán sin mura rud é go dtarraingeofar an iarrthóireacht siar faoi alt 54 nó go measfar faoi alt 62(1) gur tarraingíodh siar í;

(*d*) chun aontú leis an ainmniú, síneoidh duine atá cláraithe mar thoghthóir Dála sa toghlach páipéar ainmniúcháin an iarrthóra agus tabharfaidh sé aitheantas fótagrafach forordaithe ar aird don oifigeach údaráis áitiúil;

(*e*) cuirfidh an t-oifigeach údaráis áitiúil nóta i dtaobh na sonraí seo a leanas ar an bpáipéar ainmniúcháin agus síneoidh sé an nóta ansin:

(i) uimhir an aontaitheora ar chlár na dtoghthóirí;

(ii) an fhoirm aitheantais a thug an t-aontaitheoir ar aird, lena n-áirítear aon uimhir atá uirthi;

(iii) an t-am agus an dáta a shínigh an t-aontaitheoir an páipéar;

(*f*) i gcás go mbeidh sínithe níos mó ná an líon aontaitheoirí cáilithe is gá ar an bpáipéar ainmniúcháin, déanfar na sínithe (suas go dtí an líon is gá de na haontaitheoirí sin) is túisce ar an bpáipéar ainmniúcháin a chur san áireamh agus aon sínithe eile a eisiamh;

(*g*) i gcás go síneoidh duine atá cláraithe mar thoghthóir Dála sa toghlach páipéir ainmniúcháin 2 iarrthóirí éagsúla nó níos mó sa toghchán céanna, mar aontaitheoir, is ar shíniú an duine sin ar an gcéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin a thaiscfear leis an údarás áitiúil, agus air sin amháin, a thabharfar aird agus tabharfar neamhaird ar shíniú an duine sin ar gach páipéar ainmniúcháin eile.

(4C) Chun críocha fho-ailt (4A) agus (4B), aon duine a mbeidh a iarratas ar a ainm a thaifeadadh i bhforlíonadh ar chlár na dtoghthóirí ceadaithe ag an údarás clárúcháin an tráth

is déanaí chun páipéar ainmniúcháin a sheachadadh ar an gceann comhairimh nó roimhe sin, measfar é a bheith cláraithe mar thoghthóir Dála sa toghlach is infheidhme.”,

(*e*) trí ailt 47 agus 48 a aisghairm,

(*f*) in alt 52, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht gach páipéir ainmniúcháin laistigh d'uair a chloig tar éis a sheachadta agus féadfaidh sé a rialú go bhfuil sé neamhbhailí i gcás, agus sa chás sin amháin, go measann an ceann comhairimh—

(*a*) i gcás páipéir ainmniúcháin iarrthóra dá dtagraítear in alt 46(4A), nár aontaíodh leis an ainmniúchán ar an modh a cheanglaítear le halt 46, agus

(*b*) i gcás páipéir ainmniúcháin aon iarrthóra, nach bhfuil an páipéar déanta amach nó sínithe go cuí ar aon chúis eile.”,

(*g*) in alt 52(7), trí “47(1) nó” a scriosadh,

(*h*) in alt 124(3), trí “críocha fhomhír (ii) (arna chur isteach leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2001) d'alt 21(1)(a) den Acht Toghcháin, 1997” a chur in ionad “críocha alt 48(1)(e)”, agus

(*i*) sa Dara Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid II:

“14A.—(1) Faoi réir mhír (2), maidir le hiarratas ar thaifeadadh ar an bhforlíonadh ar chlár na dtoghthóirí, is é an t-iarratasóir a dhéanfaidh go díreach chun an údaráis clárúcháin é agus maidir leis an dearbhú ar an iarratas—

(*a*) sula gcuirfear an t-iarratas faoi bhráid an údaráis clárúcháin, síneoidh an t-iarratasóir é i láthair comhalta den Gharda Síochána ó stáisiún Garda áitiúil an iarratasóra agus déanfaidh an comhalta sin den Gharda Síochána, ar bheith deimhin dó i dtaobh chéannacht an iarratasóra, lena n-áirítear, más gá, trí aitheantas fótagrafach agus aon fhoirm aitheantais eile a iarrfaidh an comhalta sin a thabhairt ar aird, an fhoirm iarratais a shíniú, a dhátú agus a stampáil, nó

(*b*) i gcás go suífidh an t-iarratasóir i scríbhinn go bhfuil sé neamhábalta déanamh de réir fhomhír (*a*), síneoidh an t-iarratasóir é i láthair oifigigh de chuid an údaráis clárúcháin agus déanfaidh an t-oifigeach sin, ar bheith deimhin dó i dtaobh chéannacht an iarratasóra, lena n-áirítear, más gá, trí aitheantas fótagrafach agus aon fhoirm aitheantais eile a iarrfaidh an t-oifigeach sin a thabhairt ar aird, an fhoirm iarratais a shíniú, a dhátú agus a stampáil.

(2) I gcás go mbeidh an t-iarratasóir neamhábalta, de dheasca tinnis coirp nó míchumais coirp, déanamh de réir mhír (1), beidh deimhniú ag gabháil leis an iarratas, is deimhniú

san fhoirm a threoróidh an tAire, ó lia-chleachtóir ina ndeimhneofar—

(*a*) cineál agus méid an tinnis coirp nó an mhíchumais coirp atá ar an iarratasóir, agus

(*b*) léiriú ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an tinneas nó an míchumas sin.

(3) Ní chuireann aon ní sa riail seo teorainn leis na cumhachtaí a thugtar don údarás clárúcháin faoi riail 5(3) agus a bhfuil feidhm acu faoi riail 15(1) i ndáil le breithniú ar iarratas ar thaifeadadh ar an bhforlíonadh ar chlár na dtoghthóirí.”.

Leasú ar an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.

**2.—**Leasaítear an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997—

(*a*) in alt 12, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás iarrthóra nach bhfuil a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht fíordheimhnithe le deimhniú cleamhnachta polaitíochta faoi riail 5(3) den Dara Sceideal, beidh aontaithe ag 60 duine (gan an t-iarrthóir ná aon mholtóir a áireamh) atá cláraithe mar thoghthóirí Eorpacha sa toghlach le hainmniú an iarrthóra sula seachadfar a pháipéar ainmniúcháin nó a páipéar ainmniúcháin ar an gceann comhairimh de réir riail 11 den Sceideal sin.

(1B) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis na haontuithe a cheanglaítear le fo-alt (1A) le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear san fho-alt sin:

(*a*) comhlánóidh an t-iarrthóir nó moltóir an iarrthóra, más ann, cuid de pháipéar ainmniúcháin mar a threorófar ar an bpáipéar ainmniúcháin agus taiscfidh sé nó sí an páipéar sna hoifigí údaráis áitiúil forordaithe don toghlach;

(*b*) uimhreoidh an t-údarás áitiúil aon pháipéir ainmniúcháin a thaiscfear faoi mhír (*a*) san ord ina dtaiscfear iad;

(*c*) i gcás go dtaiscfear níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin don iarrthóir céanna leis an údarás áitiúil, measfar gurb é an chéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin an páipéar ainmniúcháin don iarrthóir sin don toghchán Eorpach sin mura rud é go dtarraingeofar an iarrthóireacht siar faoi riail 15 den Dara Sceideal nó go measfar faoi riail 27 den Dara Sceideal gur tarraingíodh siar í;

(*d*) chun aontú leis an ainmniú, síneoidh duine atá cláraithe mar thoghthóir Eorpach sa toghlach páipéar ainmniúcháin an iarrthóra agus tabharfaidh sé nó sí aitheantas fótagrafach forordaithe ar aird don oifigeach údaráis áitiúil;

(*e*) cuirfidh an t-oifigeach údaráis áitiúil nóta i dtaobh na sonraí seo a leanas ar an bpáipéar ainmniúcháin agus síneoidh sé nó sí an nóta ansin:

(i) uimhir an aontaitheora ar chlár na dtoghthóirí;

(ii) an fhoirm aitheantais a thug an t-aontaitheoir ar aird, lena n-áirítear aon uimhir atá uirthi;

(iii) an t-am agus an dáta a shínigh an t-aontaitheoir an páipéar;

(*f*) i gcás go mbeidh sínithe níos mó ná an líon aontaitheoirí cáilithe is gá ar an bpáipéar ainmniúcháin, déanfar na sínithe (suas go dtí an líon is gá de na haontaitheoirí sin) is túisce ar an bpáipéar ainmniúcháin a chur san áireamh agus aon sínithe eile a eisiamh;

(*g*) i gcás go síneoidh duine atá cláraithe mar thoghthóir Eorpach sa toghlach páipéir ainmniúcháin 2 iarrthóirí éagsúla nó níos mó sa toghchán céanna, mar aontaitheoir, is ar shíniú an duine sin ar an gcéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin a thaiscfear leis an údarás áitiúil, agus air sin amháin, a thabharfar aird agus tabharfar neamhaird ar shíniú an duine sin ar gach páipéar ainmniúcháin eile.

(1C) Chun críocha fho-ailt (1A) agus (1B), aon duine a mbeidh a iarratas nó a hiarratas ar a ainm nó a hainm a thaifeadadh i bhforlíonadh ar chlár na dtoghthóirí ceadaithe ag an údarás clárúcháin an tráth is déanaí chun páipéar ainmniúcháin a sheachadadh ar an gceann comhairimh nó roimhe sin, measfar é nó í a bheith cláraithe mar thoghthóir Eorpach sa toghlach.”,

(*b*) trí alt 13 a aisghairm,

(*c*) i riail 2 den Dara Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

“(*b*) na hoifigí údaráis áitiúil ina bhféadfaidh daoine atá cláraithe mar thoghthóirí Eorpacha sa toghlach aontú le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear in alt 12(1A),”,

(*d*) i riail 5 den Dara Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (*a*) de mhír (1):

“(*aa*) nóta i dtaobh na nithe seo a leanas—

(i) na sonraí a bheidh le taifeadadh ar pháipéar ainmniúcháin iarrthóra dá dtagraítear in alt 12(1A) ag duine a bheidh ag aontú de réir alt 12 le hainmniú an iarrthóra, agus

(ii) an fhoirm aitheantais a bheidh le tabhairt ar aird ag an aontaitheoir;”,

(*e*) trí rialacha 8 agus 9 den Dara Sceideal a scriosadh,

(*f*) i riail 13(1) den Dara Sceideal, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (*a*):

"(*a*) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht gach páipéir ainmniúcháin laistigh d'uair a chloig tar éis a sheachadta agus, faoi réir fhomhír (*b*), féadfaidh sé nó sí a rialú go bhfuil sé neamhbhailí i gcás, agus sa chás sin amháin, go measann an ceann comhairimh—

(i) i gcás páipéir ainmniúcháin iarrthóra dá dtagraítear in alt 12(1A), nár aontaíodh leis an ainmniúchán ar an modh a cheanglaítear le halt 12, agus

(ii) i gcás páipéir ainmniúcháin aon iarrthóra, nach bhfuil an páipéar déanta amach nó sínithe go cuí ar aon chúis eile.",

(*g*) i riail 13(7) den Dara Sceideal, trí "alt 13 nó" a scriosadh, agus

(*h*) i riail 88(3) den Dara Sceideal, trí "alt 21 den Acht Toghcháin, 1997" a chur in ionad "riail 9(1)(*e*)".

Leasú ar na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995.

**3.**—Leasaítear na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995)—

(*a*) in airteagal 11, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*b*):

"(*b*) na hoifigí údaráis áitiúil ina bhféadfaidh toghthóirí aontú le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear in airteagal 14(6A),",

(*b*) in airteagal 14(2), trí "san fhoirm a threoróidh an tAire." a chur in ionad "san fhoirm a shonraítear i gCuid 1 den Sceideal.",

(*c*) in airteagal 14, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-airteagal (6):

"(6A) I gcás iarrthóra nach bhfuil a iarrthóireacht nó a hiarrthóireacht fíordheimhnithe le deimhniú cleamhnachta polaitíochta faoi fho-airteagal (5), beidh aontaithe ag 15 dhuine (gan an t-iarrthóir ná aon mholtóir a áireamh) atá ina dtoghthóirí sa toghlimistéar áitiúil le hainmniú an iarrthóra sula seachadfar páipéar ainmniúcháin an iarrthóra ar an gceann comhairimh de réir airteagal 18.

(6B) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis na haontuithe a cheanglaítear le fo-airteagal (6A) a dhéanamh le hainmniú iarrthóra dá dtagraítear san fho-airteagal sin:

(*a*) comhlánóidh an t-iarrthóir nó moltóir an iarrthóra, más ann, cuid de pháipéar ainmniúcháin mar a threorófar ar an bpáipéar ainmniúcháin agus taiscfidh sé nó sí an páipéar in oifigí an údaráis áitiúil dá ndéanfar an toghchán;

(*b*) uimhreoidh an t-údarás áitiúil aon pháipéir ainmniúcháin a thaiscfear faoi mhír (*a*) san ord ina dtaiscfear iad;

(*c*) i gcás go dtaiscfear níos mó ná páipéar ainmniúcháin amháin don iarrthóir céanna leis an údarás áitiúil, measfar gurb é an chéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin an páipéar ainmniúcháin don iarrthóir sin don toghchán sin mura rud é go dtarraingeofar an iarrthóireacht siar faoi airteagal 22 nó go measfar faoi airteagal 25(2) nó 28(1) gur tarraingíodh siar í;

(*d*) chun aontú leis an ainmniú, síneoidh toghthóir sa toghlimistéar áitiúil páipéar ainmniúcháin an iarrthóra agus tabharfaidh sé nó sí aitheantas fótagrafach sonraithe ar aird don oifigeach údaráis áitiúil;

(*e*) cuirfidh an t-oifigeach údaráis áitiúil nóta i dtaobh na sonraí seo a leanas ar an bpáipéar ainmniúcháin agus síneoidh sé nó sí an nóta ansin:

(i) uimhir an aontaitheora ar chlár na dtoghthóirí;

(ii) an fhoirm aitheantais a thug an t-aontaitheoir ar aird, lena n-áirítear aon uimhir atá uirthi;

(iii) an t-am agus an dáta a shínigh an t-aontaitheoir an páipéar;

(*f*) i gcás go mbeidh sínithe níos mó ná an líon aontaitheoirí cáilithe is gá ar an bpáipéar ainmniúcháin, déanfar na sínithe (suas go dtí an líon is gá de na haontaitheoirí sin) is túisce ar an bpáipéar ainmniúcháin a chur san áireamh agus aon sínithe eile a eisiamh;

(*g*) i gcás go síneoidh toghthóir sa toghlach páipéir ainmniúcháin 2 iarrthóirí éagsúla nó níos mó sa toghchán céanna, mar aontaitheoir, is ar shíniú an toghthóra sin ar an gcéad pháipéar ainmniúcháin díobh sin a thaiscfear leis an údarás áitiúil, agus air sin amháin, a thabharfar aird agus tabharfar neamhaird ar shíniú an toghthóra ar gach páipéar ainmniúcháin eile.

(6C) Chun críocha fho-airteagail (6A) agus (6B)—

(*a*) aon duine a mbeidh a iarratas nó a hiarratas ar a ainm nó a hainm a thaifeadadh san fhorlíonadh ar an gclár ceadaithe ag an údarás clárúcháin an tráth is déanaí chun páipéar ainmniúcháin a sheachadadh ar an gceann comhairimh nó roimhe sin, measfar é nó í a bheith ina thoghthóir nó ina toghthóir sa toghlimistéar áitiúil, agus

(*b*) aon chineál aitheantais fhótagrafaigh atá forordaithe de thuras na huaire faoi alt 3 d'Acht 1992 chun críocha alt 46(4B)(d*)* den Acht sin, measfar gur 'aitheantas fótagrafach sonraithe' dá dtagraítear i bhfo-airteagal (6B) (d) é.",

(*d*) trí airteagail 15 agus 16 a chúlghairm,

(*e*) in airteagal 20, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-airteagal (1):

"(1) Tabharfaidh an ceann comhairimh rialú ar bhailíocht gach páipéir ainmniúcháin laistigh d'uair a chloig tar éis a sheachadta agus féadfaidh sé nó sí a rialú go bhfuil sé neamhbhailí i gcás, agus sa chás sin amháin, go measann an ceann comhairimh—

(*a*) i gcás páipéir ainmniúcháin iarrthóra dá dtagraítear in airteagal 14(6A), nár aontaíodh leis an ainmniúchán ar an modh a cheanglaítear le hairteagal 14, agus

(*b*) i gcás páipéir ainmniúcháin aon iarrthóra, nach bhfuil an páipéar déanta amach nó sínithe go cuí ar aon chúis eile.",

(*f*) in airteagal 20(7), trí "15(1)" a scriosadh,

(*g*) trí airteagal 86(3) a chúlghairm, agus

(*h*) trí Chuid 1 den Sceideal a chúlghairm.

Leasú ar an Acht Toghcháin, 1997.

**4.—**Leasaítear an tAcht Toghcháin, 1997—

(*a*) in alt 22(2)(*a*), trí "an praghas tráchtála, nó" a scriosadh i bhfomhír (v) agus "an praghas tráchtála," a chur ina ionad agus tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (vi):

"(vi) i gcás ranníoca a thugann duine i dtaca le hócáid a eagraítear chun cistí a chruinniú do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, d'ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó do thríú páirtí nó d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, an cion den bhrabús glan, más ann, is inchurtha síos don ranníoc sin agus a thig ón ócáid, nó

(vii) i gcás ranníoca a thugann duine i dtaca le hócáid a eagraítear chun cistí a chruinniú do pháirtí polaitíochta, an cion den bhrabús glan, más ann, is inchurtha síos don ranníoc sin agus a thig ón ócáid agus a úsáidtear, cé nach chun tacú le duine amháin nó níos mó d'iarrthóirí an pháirtí polaitíochta i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach go sonrach a chruinnítear na cistí sin, chun na críche is déanaí a luaitear;",

(*b*) in alt 22(2)(*b*), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (vi):

"(vi) caiteachais arna dtabhú ag páirtí polaitíochta thar ceann iarrthóra a bheidh fíordheimhnithe ag an bpáirtí polaitíochta i dtoghchán Dála nó Eorpach, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa, seachas síntiús airgid.",

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach in alt 25 i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) Is cosaint ar ionchúiseamh—

(*a*) i gcoinne an oifigigh chuí de chuid páirtí polaitíochta nó an duine a mheasfar a bheith ceaptha mar an t-oifigeach cuí faoi alt 71, nó

(*b*) i gcoinne an duine fhreagraigh de chuid tríú páirtí nó de chuid aonaid cuntasaíochta,

i leith ciona faoi fho-alt (1)(*a*) nó (*b*) nach raibh a fhios aige nó aici agus nach bhféadfadh sé nó sí, de réir réasúin, a fhios a bheith aige nó aici go bhfuarthas síntiús a dtoirmisctear glacadh leis le halt 23 nó 23A nó síntiús ar mó a luach ná an méid iomchuí a shonraítear in alt 24(4).", agus

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (*d*) de mhír 2 den Sceideal (arna chur isteach leis an Acht Toghcháin (Leasú), 2001):

"(*d*) caiteachais riachtanacha taistil arna dtabhú ag iarrthóir nó ag aontaitheoir le linn ceanglais alt 46(4A) agus (4B) d'Acht 1992 agus alt 12(1A) agus (1B) d'Acht 1997 a chomhlíonadh,".

Leasú ar an Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999.

**5.**—Leasaítear an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, in alt 6(1)(*b*), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

"(i) caiteachais riachtanacha taistil arna dtabhú ag iarrthóir nó ag aontaitheoir le linn ceanglais airteagal 14(6A) agus (6B) de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla, 1995 (I.R. Uimh. 297 de 1995) a chomhlíonadh;".

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**6.**—(1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú), 2002 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2002 a ghairm de na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2001 agus den Acht seo le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2002 a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2001 agus den Acht seo (a mhéid a bhaineann sé le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa) le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

(4) Féadfar na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2002 a ghairm de na hAchtanna um Thoghcháin Áitiúla, 1974 go 2001 agus den Acht seo (a mhéid a bhaineann sé le toghcháin áitiúla) le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 308441